Gaoṫ Doḃair

Cúis bróin sa ċeantair scéala go ḃfuair Máire Bn. Uí Ġlaicín, bás ar na mallaiḃ in Albain. Ba as Croiċlí í, agus ḃí sí pósta ar Annraoi Ó Glaicín, as Tobar Cuinn. Níṫear comḃrón lena clann, Tomás, Dónal, Sorċa, Eiḃlín agus Neansaí.

Dé Máirt seo caite, ḃí féile agus féasta ag Aisteoirí Ġaoṫ Doḃair, don ḟoireann agus dena h-ealaíontóirí uilig a ḃí páirteaċ insan ġeamaireaċt, agus ḃí ciċe tar bárr ar fad ag gaċ duine. Ag an léiriú deireannaċ. ṫug Áine Nic Giolla Ḃríde, léiriṫeoir, árdmolaḋ don ḟoireann uilig, le focal ar leiṫ buíoċais don Uasal Ó Casaide, Cigire Scol, a ṫraenáil an cór agus a ċaḃraiġ leis an tionlacan. Do Ṁáire Ní Ḃraonáin as an triobloid a ġlac sí le raḋarcanna síḋeoga. Leis an ṗobal uilig a raiḃ páirt ar biṫ acu san ġeamaireaċt. Dúirt Seán Ó Gallċoḃair, O.S., duine den foireann Aisteoirí, gur luaiġ Iníon Nic Giolla Ḃríde gaċ duine aċ í féin aċ gurb é toil an ḟoireann go nDéarfaí focal ar leiṫ buíoċais dí-san a raiḃ ualaċ an freagarṫaċt uilig uirṫi fá ċoinne an geamaireaċt a léiriú. Tugaḋ árdbualaḋ bos dó seo.

Faoi ḋeireaḋ ṫiar ḃí an cluiċe a raiḃ cuid mór ag fanaċt leis ann, idir na siopadóirí ⁊ Baile an Droiċid. Dé Domhnaiġ seo caite. ag Maċaire Gálainn, agus ba ḃreá an uair peile a ċonactas ann. Leoga, is iomaḋ cluiċe idir cumann sa ċondae naċ mbeaḋ ċom maiṫ leis.

Ḃí Miċeál Ó Domhnaill agus a ḃean, Neillí Ḃean Uí Ḋomhnaill, leo féin sa ḃaile, nuair a ṫáinig an scéala Dé Máirt. go raiḃ a mac, Seosaṁ Ó Domhnaill, indiaiḋ bás fáil, ag a ċuid oibre in Rochdale, Mancuin. Ḃí iomlán an ċuid eile den teaġlaċ i Sasain agus i Meiriceá. Ḃí siad croí-ḃriste ar fad ní naċ íonaḋ. Ṫáinig na comharsanaí ina sluaite isteaċ ag déanaṁ comḃróin leo, agus ar na céad aoine a scairt go dtí an teaċ ḃí Sagart na Paráiste, An Canónaċ Ró-Oirmhinneaċ Ó Baoill, S.P. Mac grámhar saoṫaraċ ab ea Séamas. Ḃí an scil ina ċuid láṁa, agus ba ḃeag obair naċ dtiocfaḋ leis a ḋéanaṁ go h-éifeaċtaċ. Fear láċ cineálta a ḃí ann, agus ḃí árd-ṁeas ag aċan ḋuine air. Ní raiḃ sé an dá-scór go fóill, ⁊ ċaiṫ sé an ċuid is mó rá ċuid ama ag obair ar śiúl tar farraige, agus ċaiṫeaḋ sé i gcónaí laeṫa saoire an tsaṁraiḋ lena aṫair agus a ṁáṫair sa ḃaile, ag baint móna agus ag réitiú na mbarraí. Tugaḋ an corp i riṫ an ḃaile, agus ṫáinig deartár dó, an aistir fada ó Ṁeiriceá, an áit a ḃfuil triúr deartár agus triúr deirfiúr leis na ḃaile ag an ḟaire agus ag an tórraṁ.

Tá árd ṁolaḋ tuillte ag Ḃantraċ na Tuaiṫe as an scéim atá acu le céilí páistí a ċur ar siúl gaċ Domhnaċ, in halla Doire Ḃeaga ín 3—5.30 san tráṫnóna. Níl gar a ḃeiṫ ag éileaṁ ar ḋaoine óga naċ ḃfuil siad ag déanaṁ damhsaí na hÉireann, muna dtugtar seans dóiḃ leis na damhsaí sin a ḟoġluim. Agus is mór an rud le rá do Ḃantraċ na Tuaiṫe i nGaoṫ Doḃair go ḃfuil siad ag dul an bealaċ ceart fá dtaoḃ de seo.

Ar na mallaiḃ pósaḋ Máirín Ní Ḃaoill, aon iníon Caṫal Ó Baoill agus Caitlín Ní Ḃaoill, naċ maireann, as Doḃar Uaċtar Dunbeag. ar Tomás A. Ó Braonáin, Bellfield Road, Manchester i dTeaċ Pobail Naoṁ Caitríona, Didsbury. ,

Ba ṁillteanaċ an damáiste a rinneaḋ an tseaċtain seo caite. frío an ṗaráiste seo ar fad. Níl léaṁ ná scríoḃaḋ ar an méid sclátaí a siabaḋ de rúfanna, ⁊ an méid aeróga Telefís a leagaḋ anuas. Briseaḋ na cáblaí leictreaċais in áiteaċa, aċ ní raiḃ cuid fear Bord Soláṫar an Leictreaċas i ḃfad go raiḃ an sruṫ ag dul arís. Aineoin go raiḃ stoirm ṁillteanaċ toirní, ní ḋearn sé doċar ar biṫ sa ṗaráiste.

Tá scéala ag Cormac Ó Breisleáin, T.D., leas-ċeann comhairle. go ḃfuil an Comhairle Condae gar a ḃeiṫ réiḋ le tosaí ar an obair ar na scéimeanna leaṫnaiṫe uisce insan ṗaráiste. Táṫar ag súil go mbeiḋ an obair ag tosaí in cuid maiṫ acu an tseaċtain seo ċugainn. Ní naċ ionaḋ, tá lúṫair ar aċan duine faoi seo agus táṫar ag súil go mbeiḋ an t-uisce ag riṫ ins na bailte seo roiṁ an Samhraḋ.

...Sa ḃaile ar laeṫa saoire ar an Ċarraig, tá Mrs. Bell as Stáit Aontaiṫe Ṁeiriceá. Deirfiúr í do Eoin Mac Ṗaidín, O.S., naċ maireann. Carraig, Doire Beag.

Comhġáirdeaċas le Seán Mac Suiḃne agus a ḃean, Mín Ċormaic, Croiċlí, a ċeiliúraiġ an caogadú cuiṁniúċán dá bpósaḋ ar an Ṁáirt seo ċaite. Pósaḋ iad i dTeaċ Pobail Naoṁ Ṁuire. Doire Beaga ar an 26ú Eanair, 1915. An tAṫair Ó Beirn a pós iad. Tá beirt ṁac acu, cúig iníonaċa, agus 14 ua. Tá an ḃeirt acu slán follán go fóill agus ábalta a gcuid oibre a ḋéanaṁ amuiġ agus istiġ.

Dia Luain seo caite ċuaiġ scaifte brónaċ go roilig Ṁaċaire Gaṫlainn an áit a raḃ tórraṁ Liam Ó Duiḃir, Luimneaċ, a fuair bás i Londain tamall ó śoin. Tugaḋ an corp na 'ḃaile go Luimneaċ Dia Saṫairn agus ḃí slua mór daoine a' scairteaḋ i riṫ an lae Dia Domhnaiġ agus suas go dtí an t-am a tugaḋ an corp ó'n teaċ maidin Dia Luain. Ní raiḃ Liam aċ naoi mbliana déag d'aois agus ḃí árd ṁeas air féin agus ar a teaġlaċ agus ba ṁór an brón agus an buaireaḋ a ḃí ar a ċomharsanaí com maiṫ le na gaolta nuair a ṫáinig an scéala go ḃfuair sé bás. Ḃí moll mór cártaí Aifrinn agus teaċtaireaċtaí comḃróin ag an teaġlaċ ó'n ċeanntar mór timpeall agus ó na ċairde i Londain.

Léiriġ tórraṁ Śéamais Uí Ḋomhnaill (a fuair bás de ṫaisme ag a ċuid oibre in Rochdale), Manchester, indiaiḋ Aifreann 11.30 Dé Domhnaiġ, an meas mór a ḃí air féin agus ar a ṫeaġlaċ i nGaoṫ Doḃair agus in aċan áit a raḃ sé ag obair. Ṫáinig an corp na ḃaile go lua maidin Dia Saṫairn agus i sin 'un tosaiġ ḃí slua den ṗobal isteaċ 'un tí ag déanaṁ comḃróin leis an teaġlaċ. Ḃí blaṫ-ḟleasc an mór ar fad ó na ċuid comhoibriṫe i Rochdale na ḃaile leis an ċónair ⁊ ḃí beagnaċ céad cártaí Aifrinn agus teaċtaireaċtaí comḃróin ó ċáirde i Sasana agus ins na Stáit Aontaiṫe. Tá triúr deartár agus triúr deirfiúr do ins na Stáit Aontaiṫe agus ṫáinig ceaṫrar acu an bealaċ fada na ḃaile fá ċoinne na faire agus an tórraim. Ba ḋeas ar fad mar a labair Sagart na Paróiste, An Canónaċ Ó Baoill, S.P., ag molaḋ an ḟir ṁairḃ. Níṫear comḃrón le Miċeál agus Néilí Ḃean Uí Ḋomhnaill. lena ċuid deirfiúraċa, Nóra Ḃean Uí Ḃaoill, Sorċa Bn. Ṁic Ṗáidín, Áine Ḃean Uí Ċolla (na Stáit Aontaiṫe). Máire Bn. Uí Ċuṁail, Mancuin, agus le Domhnall, Miċeál, Seosaṁ (na Stáit Aontaiṫe), Mánus, O.S. agus Pádraig deartáireaċa) ⁊ lena ġaolta eile.

Ḃí léaċt Béarla ó Ḃean Uí Ċeallaċáin. Leitir Ceanainn faoi ċoimirce Ḃantraċt na Tuaiṫe in Óstán Raḋarc an Eargail. Faoi 'tupperware' a ḃí an léaċt agus ḃí taispeántas de na h-earraí sin.

Ḃí céilí faoi ċoimirce an Ċumann Caidriṁ in halla na Maċaireaċa Dia hAoine seo caite ⁊ slua maiṫ i láṫair. Is deas an rud na damhsaí s' ċugainn féin a ḟeiceáil a gcleaċtaḋ arís.

Ḃuaiġ na siopadóirí ar Ḃord Soláṫar an Leictreaċais go h-éascaí san ċluiċe ag Maċaire Gáṫlainn Dia Domhnaiġ. Ḃí scór de 3-5 in éadan 2-4. In aineoin na droċ aimsire agus an ṗáirc a ḃeiṫ fliuċ báite agus poill uisce annseo agus ansiúd ann, ṫug an dá ḟoireann cluiċe maiṫ bríoṁar.

Dia Domhnaiġ seo caite, san ċluiċe idir Árd Scoil Ṁuire ⁊ Baile an Droiċid, b'furast a ḟeiceáil ón tús gur b'iad an Árd Scoil an foireann a b'fearr ⁊ ní h-iontas ar biṫ go ḃfuil siad ar ḃarr an liosta. Aċ san am céanna ní ċluiċe bog de ċineál ar biṫ a ḃí ann agus d'imir an dá ḟoireann go fuinnṁúil, bríoṁar. Aċ tá na micléinn ag braṫ an léig seo a ḃaint is cuma caidé a ṫiocfas ina mbealaċ agus, dála an scéil is breá mar ċuidiġ an léig céanna le cleaċtú peile do ógánaiġ Ġaoṫ Doḃair agus ba ċóir go mbeaḋ sin le feiceáil nuair a raċas Gaoṫ Doḃair a imirt na gcluiċí idir-ċumainn amaċ annseo.

Carna

Ní h-eol fós leaṫ an saiḃris is féidir a ḃaint as an ḟarraige. Seaċtain ó śin ḃí an Ginearál Ó Coisdealḃa ag fógairt go poiblí go raiḃ tonna sa lá mionġliomaí ag teastáil uaṫa agus gan iad le fáil. Le tamall anuas, tá fiosrú á ḋéanaṁ ar cósta an Iarṫair fá éisc mara eile, sliogéisc breallán (Clams). Cé go ḃfuil gaċ saġas eile sliogéisc dá gcur ar an ṁargaḋ, níor cruinniḋ na brealláin seo le cur ar an ṁargaḋ ariaṁ ón ċósta ṫiar, agus is eol go ḃfuil flúirseaċt mór dióḃa le fáil ar fud an ċósta. go háiṫrid insan áit a ḃfuil gainiṁ nó gráiḃéal garḃ. Deirtear go ḃfuil an ċuid is fearr agus is flúirsí ar fad insan Caolaire.

Tá trua insan taoḃ tíre seo ar fad, do Macdara Gorham ⁊ a ḃean, a ḃfuair beirt páistí leo, cailín trí bliana, agus gasúr, cúig bliana, bás go tubaisteaċ i dtine. i Londain, an tseaċtain seo caite. As Inis Niaḋ an tUasal Gorham agus tá sé na ċónaí i Londain le timpeall deiċ mbliana. Tugaḋ a ḃean ⁊ páistí eile go dtí an ospidéal taréis na tine, a ṫárla de ḃárr pléascaḋ gas. Milleaḋ an teaċ orṫa, agus fuair an ḃeirt páistí bás. Ḃí an tUasal Gorham ag obair ag an am. Tugaḋ corp na beirte na ḃaile go Cloċ na Rón, Dé Saṫairn, agus ċuaiġ an soċraid go dtí reilig Muiġros ar an Domhnaċ.

Cúis bróin sa ċeantar freisin, bás Peadar Ó Máinín (88), an duine deireannaċ de oibriṫe an bóṫair iarainn. a ċaill a gcuid postanna nuair a ḋruid líne bóṫar iarainn, Gaillimh - Cloċán.

An tseaċtain seo caite, freisin, d'éag Miċeál Mac Donnċa, Máiġ Cuilinn, in aois a 90 bliain. Fear písta a ḃí ann, agus ḃí cliú air mar lúṫaire, ina óige.

Mar a ċífear ó ḟógra insan eagrán seo. de AMÁRAĊ, osclófar an gairmscoil nua i gCarna, Dé Luain seo ċugainn, an 8ú lá de Feaḃra. Is fada pobal Ċarna ag súil leis an ngairmscoil seo, agus fiú aṁáin go ḃfuil sé i lár an gnáċ ḃliain scoile, béifear ag súil go mbeiḋ slua maiṫ de ṁic-léinn amuiġ ó maidin Dé Luain, le tosaiġ ar na cúrsaí. Do ḋaoine óga atá fá ċoinne oideaċais gairmscoile d'ḟáil, níor ċeart é ċur ar an ṁéir fada, aċ ba ċeart do gaċ duine acu a ḃeiṫ ag an scoil maidin Dé Luain. Ċom maiṫ le cúrsaí in oideaċas leanúna. beiḋ cúrsaí i dtís ann, ina mbeiḋ teagasc ar ċocaireaċt, fuáil. níoċán agus a leiṫéid, agus bun ċúrsa tráċtála. Agus cúrsaí ag dul ar aġaiḋ in ceirdíoċt in aḋmadóireaċt, agus foirgneolaíoċt do na buaċaillí.

Do na daoine a ṫosnós Dé Luain, ar na cúrsaí seo, táṫar ag súil go mbeiḋ miotalóireaċt agus cúrsaí breise eile dóiḃ insan dara bliain. in 1966.

Ḃeiḋ ranganna Gaeilge i litríoċt agus drámaíoċt na Gaeilge, i dtís, aḋmadóireaċta agus Cumann Caidriṁ san tuaṫ-eolaíoċt. Tosnófar ag clárú na scoláirí lae ag 9.30 agus na scoláirí oíċe ag 8.30 an oíċe sin. Guímid gaċ raṫ ar scoil nua Ċarna.

An Cloċán Liaṫ

Ḃí an lánṁara ċoṁ h-árd ag Tearmon oíċe Śaṫairn, agus gur ċlúdaiġ sé bealaċ mór Ṁaċaire Tearmon, agus gur ḟág sé moltraí cloċa ina ḋiaiḋ ar an ḃealaċ. Ḃí obair ag luċt an Aifrinn fáil tríd an ḃealaċ lá arna ṁáraċ.

Ḃí seaċtain den aimsir ba ṁeasa le fada ins na Rosa agus ṫart fá'n Ċloċán Liaṫ. Ḃí oíċe gaoiṫe móire ann Dé Ceadaoine naċ ndéanfar dearmad dó. Ḃí sclátaí na luí go fairsing ar fud sráid an Ċloċán Leiṫ maidin lá arna ṁáraċ, ċom maiṫ le aeróga Teilfís, a ḃí caite anuas, ⁊ iarrann roicneaċ ina luí ṫart aċan áit.

Ḃí Cormaic Ó Breisleáin. T.D. Leas Ċeann Comhairle, i láṫair ag cruinniú de Ċomhairle Ceantar an Ċloċán Leiṫ in halla Tírċonaill, Dé Domhnaiġ. Ḃí Peadar Ó Caoiṁ i gceannas, agus ḃí ionadaiṫe i láṫair ó Ailt an Ċorráin, Croḃéiṫe, Drocaċ, Doire Drúail. Maċaire, Mín na Croise, Leitir Ṁic a' Ḃáird agus Dúċarraiġ.

Cúis bróin ins an ċomharsanaċt bás Neansaí Ḃean Uí Ḋomhnaill, Mín Leac na Leaḃar a d'ag in Ospidéal an Ċloċáin Léiṫ tá seaċtain ó śoin. Ḃí sí ós cionn na dtrí scór go leiṫ agus ní raiḃ an tsláinte go ró - ṁaiṫ aici le tamall. Fuair a fear céile, Liam Ó Domhnaill, bás tá cúpla bliain ó śoin. Ċuaiġ an tórraṁ go roilig an Ċloċáin Léiṫ indiaiḋ Aifreann na Marḃ a léiġ an tAṫair Mac Diarmada, adúirt na paidreaċa ag an uaiġ com maiṫ.

Comhġáirdeaċas le Liam Ó Gormáin, mac le Seán Ó Gormáin agus Ḃean Uí Ġormáin, Bóṫar an Ċéiḋ. An Cloċán Liaṫ, atá ag cur lena ċuid céimeanna oideaċais agus léinn aċan ḃliain. Múinteoir é a hoileaḋ i gColáiste Ṗádraig, Drumconora, agus taréis cúpla bliain teagaisc i mBaile Áṫa Cliaṫ bain sé amaċ céim B.A. agus H.Dip.Ed. i gColáiste Ollscoile, Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Tá sé anois taréis céim Máistir Aigneolaíoċta a ḃaint amaċ i gColáiste Ollscoile Ḃaile Áṫa Cliaṫ agus tá sé gnóṫaċ ar obair taiġde do eagrais tionnscalaċ ag Institiúid Taḃistoc, i Londain.

D'éag duine de na daoine is sine i gceanntar an Ċloċáin Léiṫ an tseaċtain seo ċaite ḃar a ḃí Niall Ó Cnáiṁsí a ḃí in aois a 91, ó'n Diamond. Cloċán Liaṫ. Ba as Céideaḋ é.

Cúis bróin ins an Ċloċán Liaṫ agus ar fud an ċeanntair timpeall an scéala fá ḃás Ṁáire Uí Ḃriain, Uaċtar na Sráide. Daoine a ḃí ag tarraingt 'na Ċloċán Léiṫ ar aontaí nó ar ġnóṫaí ar biṫ eile ḃí eolas maiṫ acu ar an teaċ biḋ a ḃí ag Ḃean Uí Ḃriain ar an taoḃ uaċtaraċ den tsráid. Ba as Árd Ṁín í aċ ḃí sí beo le dá ḟiċead bliain ar an Ċloċán Liaṫ. ,

Dairbre

Deireaḋ na seaċtaine seo caite nuair a ḃí sneaċta agus siocán agus leacoiḋre ar fud furṁór na tíre, agus ceo trom in áiteaċa eile, aimsir geiṁriḋ den ċuid ba ṁeasa. Ḃí Oileán Dairbre, mar a ḃeiḋ samhraḋ lua ann. Ḃí an meán-teoċt ag 53 ⁊ ḃí daoine ag tarraingt ar na tránna ḃí an lá ċom breá sin. Naċ maiṫ an comharṫa seo, ar ċom maiṫ agus a d'ḟéadfaḋ an t-oileán seo a ḃeiṫ i gcóir cúrsaí turasóireaċta. aċ forḃairt ceart a ḋéanaṁ air. B'éidir go ḃfeicfí sin nuair a ḃéiḋ an droiċead nua tógṫa.

Is mór an trua, agus ábhar bróin, go ḃfuil Bernie Ó Cornell Caṫaoirleaċ Bord Ċiarraí Ṫeas, Eoin Mac Criomhṫain, roġnóir, ⁊ Seán Ó Riadaiġ, rúnaí cumann. ag éirí as oifig. Ní raiḃ éinne ab' ḟearr nó Bernie Ó Cornell ċun spreagaḋ do ṫaḃairt don ḟoireann agus díogras do ṁúscailt ionta.

Ní raiḃ de ábhar cainte ar an oileán deireaḋ na seaċtaine, aċ cruinniú cinnbliana Cumann Dairbre do Ċumann Lúṫ Ċleas Gael, agus tá sé ina ábhar díospóireaċta fós, cad iad na rudaí a deineaḋ ann.

Seo iad na h-oifigí a toġaḋ ag Comhdáil Éireannaiġ Óga in Dairbre: Uaċtarán, Seán Cooper, Nua Eabraċ; leas-uaċtaráin. An tAṫair D. Riadaiġ, Misiún na Philipines, Séamas Mac Gabhann, Nua Eabraċ; Seán Ó Loingsiġ, Nua Eabraċ; caṫaoirleaċ, Pádraic Cooper; leas-ċaṫaoirleaċ, S. Ó Conċubair; rúnaí onóraċ. Antoine Ó Conaill; cisteoir, Seán Ó Seanaċáin; caiptín sinsear, Tadg Ó Murċú; leas-ċaiptín, Pádraic Ó Conaill. Coiste roġnóireaċta: Bernie Ó Connell, Seán Ó Murċú, Tadg Ó Murċú, S. Ó Conċubair agus S. Ó Seanaċáin. Teaċtaí go dtí Bord Ċiarraí Ṫeas: Éamonn Mac Cárṫaiġ agus Antoine Mac Conaill. Ḃí slua an ṁór ar fad i láṫair agus ḃí cruinniú bríoṁar ann.

Cúis bróin anseo bás Máire Ḃean Uí Ṁurċú a d'éag taréis tinneas fada oíċe Śaṫairn, agus deintear comḃrón lena fear céile, Pádraic Ó Murċú, agus lena beirt ṁac, Seán agus Pádraic Ó Murċú. Oibríonn siad an seirḃís ferry idir Dairbre agus tír-mór. Ċuaiġ soċraid mór léi ón Séipéal go dtí an reilig.

Ára Ṁór

Cúis bróin ar an oileán bás Ṁaiġréad Ní Ḃaoill, Baile an tSráṫa, Dia Saṫairn seo ċaite. Ní raḃ sí aċ tamall gearr tinn aċ ní raḃ an tsláinte ró ṁaiṫ aici le bliain anuas. Ḃí sí 69 bliain d'aois. Ċuaiġ an tórraṁ indiaiḋ Aifreann na Marḃ a léiġ an tAṫair C. Mac Grianna, S.C., go dtí roilig an oileáin, an áit ar ḋúirt an tAṫair Mac Grianna na paidreaċa ag an uaiġ. Níṫear comḃrón lena fear céile, Seán Ó Baoill agus le Pádraig agus Proinnsias (mic), Áine Ḃean Uí Ḟriġil (iníon) agus lena gaolta eile.

Is fada ó ḃí geiṁreaḋ com h-olc ní aimsear com garḃ ar Árainn Ṁóir. Rinne na stoirmeaċa trí h-uaire le cúpla seaċtain cuid mór doċair. Cúpla uair indiaiḋ a ċéile ḃí línte leictreaċais briste agus siabṫa anuas agus leagaḋ cruaċa féir ⁊ coirce. Siad na hiascairí a ba ṁeasa a ḃí leis agus rinneaḋ damáiste do ċuid maiṫ de na bádaí cionnus naċ ḃfuil áit foscaiḋ ar biṫ acu fan oileán. 'S iomaí duine a deireas gur mór an truaiġe naċ dearn Roinn na Gaeltaċta nó Roinn Tailte agus Iascaí an foscaḋ a ḃíṫear a iarraiḋ taoḃ amuiġ de Ṫráiġ an Ċaisil, áit a dtiocfaḋ leis na bádaí foscaḋ a ḟáil in aimsear stoirme. ,

Tá lúṫair in Árainn fan aṫrú ar an dole a raḃṫar a' 'drú faoi san páipéar seo le sé blianta fada. Is mór an faoiseaṁ é naċ mbeiḋ Oifigí Rialtais ag gaḃáil ṫart ag iarraiḋ ḃeiṫ ag déanaṁ amaċ caidé an teaċt isteaċ atá ag aċan nduine a ḃfuil gaḃaltas beag ar biṫ aige. Aċ san am céanna is mór an truaiġe naċ dtaḃarfaí faoiseaṁ den ċineál céanna do na h-iascairí. Nar ċeart go dtógfaḋ duine éinteaċt de ċuid T.D. Ḋún na nGall an ċeist ins an Dáil nuair a ḃéas an Bille Úr a' gáḃail frid, nó go gcuirfí síos leasú ar an Ḃille ag iarraiḋ ceart a ṫaḃairt do na h-iascairí atá i muinín dul san tseans ar an ḟarraige breiṫ ar éisc, agus leoga níor ṫóg duine de na h-iascairí punt aṁáin ar na scadáin ó ṫús an tséasúr.